C/2026/5276

9.10.2026

Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh

(C/2026/5276)

De bhun Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]), leasaítear na Nótaí Míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht Chomhcheangailte an Aontais Eorpaigh ([2]) mar a leanas:

*Ar leathanach 169, sa Nóta Míniúcháin a ghabhann leis an gceannteideal AC '***3004 Íoca leighis (seachas earraí atá faoi cheannteideal 3002, 3005 nó 3006) arb é atá iontu táirgí measctha nó táirgí neamh-mheasctha chun úsáidí teiripeacha nó próifiolacsacha, atá cóirithe ina ndáileoga tomhaiste (lena n-áirítear iad siúd atá i bhfoirm córas riarachán trasdeirmeach) nó i bhfoirmeacha nó i bpacáistí lena miondíol***', sa tábla, cuirtear an nóta tábla seo a leanas leis an dara colún san iontráil maidir le 'Sulfáit ghlúcósaimín':*

'(*) Tá an dáileog laethúil shonraithe (DDD) 1,5 g le haghaidh "sulfáit ghlúcósaimín" san innéacs ATC-DDD bunaithe ar an tsubstaint bios(2-amóini-2-dí-ocsa-D-ghlúcós)sulfáit (CAS RN 14999-43-0; Foirmle mhóilíneach $(C_6H_{13}NO_5)_2 \bullet H_2SO_4$; Mw 456,42 g/mol).'

([1]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

([2]) IO C 119, 29.3.2019, lch. 1.